Beartas Folláine

Coláiste Naomh Eoin
Inis Meáin
Scoilbhliain 2026–2027

Faofa ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin de réir na socruithe rialachais ar an _____

Beartas folláine uile scoile
OSPS agus OCG
Treoir oideachasúil agus gairmthreoir

Athbhreithniú bliantúil Bealtaine–Meitheamh 2027, nó níos luaithe más gá.

Treoir don doiciméad

Cuid A Bunús agus cultúr na folláine....2
Cuid B Freagrachtaí tacaíocht agus cosaint....12
Cuid C Beartas OSPS agus OCG....17
Cuid D Plean treorach uile scoile....18
Cuid E Plean bliantúil agus meastóireacht....19
Cuid F Foinsí oifigiúla agus glacadh....21

Cuid A Bunús agus cultúr na folláine

Tá cur chun cinn na folláine lárnach do mhisean na scoile seo chun daoine óga agus baill foirne a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus chun cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch sa phobal i gcoitinne.

Is iarbhunscoil bheag oileáin í Coláiste Naomh Eoin ar Inis Meáin, a bhfuil aitheantas aici mar Scoil Ghaeltachta. Freastalaíonn sí ar scoláirí an oileáin agus ar scoláirí ó áiteanna eile in Éirinn, lena n-áirítear scoláirí a chónaíonn le teaghlaigh aíochta. Tá dlúthchaidreamh leis an bpobal, féiniúlacht Ghaeilge agus riachtanais na cónaitheachta lárnach dár gcur chuige. Is í an Ghaeilge teanga teagaisc, chumarsáide agus shóisialú na scoile. Soláthraímid tacaíocht agus eolas trí Ghaeilge agus lorgaímid seirbhís as Gaeilge ó ghairmithe seachtracha nuair is féidir. Iarrtar rogha teanga an scoláire, aistriúchán cuí agus míniú intuigthe. Ní chuirtear moill ar chosaint, ar mheasúnú práinneach ná ar chóireáil de dheasca easpa seirbhíse Gaeilge. Ní chuirtear smachtbhanna teanga ar nochtadh ná ar iarraidh cabhrach; úsáidtear an teanga nó an modh cumarsáide a ligeann don scoláire a bheith sábháilte.

Spreagaimid daltaí le bheith athléimneach, chun aire a thabhairt dá bhfolláine fhisiciúil, mothú cuspóra, chun nasc agus muintearas a bheith acu lena bpobal mór, lena n-áirítear pobal na scoile. Creideann Coláiste Naomh Eoin i gcur chuige scoile uile chun gach gné d'fhorbairt na scoláirí a threisiú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda.



Ráiteas misin na scoile

Scoil ar Oileán í Coláiste Naomh Eoin a dhéanann freastal ar riachtanais oideachais iomlánach an scoláire ag déanamh cúram do chuimsiú an dalta chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun iad a ullmhú chun a bheith ina saoránaigh gníomhach domhanda.

Déanann an scoil freastal ar fhorbairt phearsanta an dalta, ag déanamh cúram d'fholláine, de féin mhuinín agus do chumas cumarsáide chun go mbeidh na scoláirí réitigh chun saol a mbeidh siad bródúil as a caitheamh agus go mbeidh dúil sa bhfoghlaim fad saoil acu.

Tarlaíonn sealbhú, saibhriú agus sóisialú inár dteanga dúchais, an Ghaeilge, agus inár n-oidhreacht Ghaelach, go laethúil i dtimpeallacht na scoile seo. Atmaisféar cáirdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil.

Gaol le misean agus éiteas na scoile

Tá dlúthcheangal idir an ráiteas seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Eoin sa Ráiteas Misin.

Bíonn an fócas sa scoil ar riachtanais oideachais iomlánach an scoláire a fhreastal ag déanamh cúram do chuimsiú an dalta chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun iad a ullmhú chun a bheith ina saoránaigh gníomhach Domhanda.Cinntíonn an polasaí seo go ndéanann an scoil freastal ar fhorbairt pearsanta an dalta, ag déanamh cúram d'fholláine, de féin mhuinín agus do chumas cumarsáide chun go mbeidh na scoláirí réitigh chun saol a mbeidh siad bródúil as a chaitheamh agus go mbeidh dúil sa bhfoghlaim fad saoil acu.

Struchtúr an bheartais

Tá an beartas bunaithe ar an gcontanam tacaíochta agus ar chur chuige uile scoile. Cuimsítear na léaráidí ábhartha sa bheartas. Leagtar amach na socruithe breise do 2026–2027 i gCodanna B go F ag deireadh na príomhcháipéise.



Réasúnaíocht don bheartas

Dréachtaíodh Polasaí Folláine Choláiste Naomh Eoin den chéad uair i mí na Nollag 2018 agus tugadh chun críche é i mí Feabhra 2019.

Tagann an leagan seo don scoilbhliain 2026–2027 i gcomharbas ar leagan 2022–2024 nuair a ghlacfar leis. Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 glactha ag an mBord cheana féin. Ní athraíonn an beartas folláine freagrachtaí reachtúla cosanta leanaí.

Fachtóirí riosca agus cosanta

- Timpeallacht shábháilte a bhunú
- Cód Iompair
- Beartas Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi
- Beartas um Mí-Úsáid Substaintí
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2025
- Beartas Sláinte agus Sábháilteachta
- Beartas um Chosaint Sonraí
- Beartas um Úsáid Inghlactha Idirlín
- Beartas Tréadchúraim
- Beartas um Theagmhais Chriticiúla
- Dínit agus Beartas an Ionaid Oibre

Folláine agus curaclam

- Grúpáil ranga cumais mheasctha
- Tacaítear le Cláir FGL
- Miondealú ar an leithdháileadh ama
- Aiseolas Mac Léinn agus Tuismitheoirí (Suirbhéanna)-
- Tacaíocht agus eolas treorach ón bhfoireann; plean rochtana ar threoirchomhairleoireacht cháilithe i gCuid D
- Cláir Chomhchuraclaim (SciFest, BTYS, Comórtas Ealaíne, Seachtain na Matamaitice, Comórtais Aistí, Quizzes, Drámaíocht)

Beidh cur chuige na Scoile Uile ag an mBeartas seo mar chuid lárnach den Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí Oideachais Gaeltachta ag tógáil san áirimh:

Caidrimh Dhearfacha; Tacaíocht do roinnt scoláirí de réir riachtanais; Tacaíocht do Chách; Tacaíocht don Bheagán; NEPS; SNE; TUSLA; FSS; CAMHS; Meantóireacht agus tacaíocht thréadach; rochtain cháilithe á lorg de réir Chuid D.



Ról an Bhoird Bainistíochta

Glacann an Bord leis an mbeartas, maoirsíonn sé a chur i bhfeidhm agus athbhreithníonn sé an soláthar agus an tionchar gach bliain. Tá ról ag an bhfoireann uile; leagtar amach freagrachtaí sonracha, atreorú agus rialachas i gCuid B.

An tSraith Shóisearach

- Aistriú ó Bhunscoil go Meánscoil- Bíonn an t-aistriú chuig Coláiste Naomh Eoin níos déine ar ghasúir mar go minic gur ar scéim chónaithe a bhíonn na scoláirí ag freastal mar sin iad ag dul I dtaithí ar imeacht ó bhaile agus scoil nua ag an am céanna.
- Gach bliain, déanann Coláiste Naomh Eoin gach iarracht a chinntiú go mbíonn an t-athrú ó bhunoideachas/ ó mhéanscoil eile go dtí an dara leibhéal / Coláiste Naomh Eoin chomh réidh agus is féidir do gach dalta a thagann isteach inár ndoirse
- Cuirtear fáilte roimh pháistí na háite ar feadh 1 nó 2 uair sa Bhealtaine roimh dóibh turas a fháil timpeall na scoile, bualadh leis an bhfoireann, ceisteanna a chur agus níos tábhachtaí fós a bheith eolach agus compordach inár dtimpeallacht scoile.
- Fáiltítear roimh pháistí nach ón oileán iad lá roimh dhaltaí na Sraithe Sinsearaí chun am breise a thabhairt dóibh le socrú agus cur amach a bheith acu ar bhunú na scoile agus bualadh le teaghlaigh aíochta. Bíonn turas chuig an oileán acu chun castáil leis an bpríomhoide agus chun an scoil a fheiceál roimh ré freisin.

Ceann de na deacrachtaí is mó a bhíonn i gColáiste Naomh Eoin ná leanúnachas le daltaí agus múinteoirí mar gheall ar dhéanamh suas na scoile mar sin bíonn tús nua do go leor dá gcuid scoláirí agus go minic múinteoirí mar sin bíonn imeachtaí nascú againn agus turais mistéireach chun aithne a chuir ar a chéile,

- OSPS, OSSP agus Corpoideachas mar chuid de chlár pleanáilte na Folláine
- OSPS
- OSSP

- Corpoideachas
- Déantar iniúchadh bliantúil ar am Corpoideachais in aghaidh na gceanglas reatha. Cuirtear cluichí foirne, rith agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha ar fáil do gach cumas.
- Eagraítear siúlóidí dúlra agus gníomhaíochtaí lasmuigh faoi mhaoirseacht agus measúnú riosca, ag cur san áireamh an aimsir, an fharraige agus riachtanais aonair.

Prionsabail oideachais na Sraithe Sóisearaí

- Leathan agus Chothrom
- Soláthraíonn Rogha
- Brí agus Ábharthacht
- Taitneamhach agus mealltach
- Soláthraíonn sé deiseanna chun taithí a fháil ar dhúshlán agus rath
- Tugann sé an t-eolas, na scileanna agus na meonta do dhaltaí le forbairt mar fhoghlaimeoirí agus le caidrimh dhearfacha a thógáil.

An gaol leis an gclár foghlama



Ráitis foghlama

Féinbhainistiú	Ag fanacht Sláintiúil	Cumarsáid
•Aithne orm féin •Cinneadh Cíoradh •Spriocanna a leagann síos agus a bhaint amach •Féin-mheasúnú ar an bhfoghlaim •Ag usáid an teicneolaíocht chun mé féin agus mo fhoghlaim a bhainistiú	•Bí sláinstiúil, fisiciúil & gníomhach •Bí sóisialta •Bí sábháilte •Bí spioradálta •Bí muiníneach •Bí dearfach faoin bhfoghlaim •Bí freagrach, sábháilte & eiticiúil	•Ag éisteacht & do mo chuir féin in iúl •Ag úsáid teanga •Ag úsáid uimhreacha & Sonraí •Aithris & cur i láthair •Plé & díospóireacht •ag déanamh cumarsáid tríd an teicneolaíocht dhigiteach



Príomhscileanna agus modhanna teagaisc

- Modhanna éagsúla teagaisc do gach foghlaimeoir; ní chuirtear scoláirí i gcatagóirí seasta foghlama.
- Tacaíochtaí amhairc; Clár bán; Tionscadail chruthaitheacha agus tascanna físeán saor in aisce; Míniú trí phictiúir Mapaí intinne.
- Tacaíochtaí éisteachta agus teanga; Ag léamh os ard; Ag míniú ó bhéal; Piar Mhúineadh.
- Foghlaim ghníomhach agus phraiticiúil; Líníocht léaráidí; Tionscadail phraiticiúla; Siúlóidí nó turais oideachasúla; Foghlaim trí ghluaiseacht.

An tSraith Shinsearach

- An Idirbhliain agus cláir na hArdteistiméireachta a chuirtear ar fáil sa scoil
- 5ú agus 6ú Bliain
- Scileanna Staidéir, Obair Bhaile agus Beartais Mheasúnaithe
- Tacaíocht agus eolas treorach ón bhfoireann; plean rochtana ar threoirchomhairleoireacht cháilithe i gCuid D

Samplaí de ghníomhaíochtaí folláine

Glacann Coláiste Naomh Eoin páirt i réimse leathan ceardlainn, feachtais, comórtais agus imeachtaí náisiúnta agus idir náisiúnta chun tacaíocht agus cothú a thabhairt do fhorbairt iomlánach ár scoláirí.

- Tasc Fórsa Drugaí
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar chuid de OSPS agus de chlár pleanáilte bliantúil
- Ceardlainn Íóga, Pilates, machnamh, spioradálta
- Lá spóirt
- Club Rith
- Junk Kouture
- Gaelbhrat
- Scríobh Ar Son Cearta
- Scileanna Staidéir & Club iar-scoile
- Traenáil Saoil/ Teicnící Maolaithe
- Ealaín/póstaeir timpeall na scoile
- Darkness Into Light
- Imeachtaí Bí Cineálta
- Aifreann/Céim dheireadh na Bliana
- Lá Domhanda na Meabhairshláinte
- Seachtain Aithne
- Gaeilge 24
- Seasamh in aghaidh bulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí agus tacaíocht do scoláirí LADTA+
- Lá Cóirthrádála
- Seachtain na Gaeilge
- Turais Scoile
- Gradam Gaisce

Caidreamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí

Cuirtear béim ar chidreamh mhaithe agus rialta le tuismitheoirí i gColáiste Naomh Eoin chun go mothaíonn tuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu agus gur cuid den scoil iad, bíonn baill foirne ar fáil agus is éasca labhairt leo, agus tugann siad freagraí agus tacaíocht neamhbhreithiúnach.

Bhí na tuismitheoirí lárnach i n-ullmhú an bheartas seo i 2018.

Usáidtear réimse modhanna chun faisnéis shoiléir a thabhairt do thuismitheoirí maidir le folláine agus leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a bpáiste.

Is fearr is féidir le tuismitheoirí ansin tacú le foghlaim agus folláine a bpáiste sa bhaile.

Tugann Coláiste Naomh Eoin deis do thuismitheoirí a bheith páirteach i bplé chun teacht ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí don fholláine agus chun an dul chun cinn a mheas.

Aithníonn Coláiste Naomh Eoin an taithí agus na scileanna atá ag tuismitheoirí chun tacú le feabhas a chur ar thorthaí folláine.

Teicneolaíocht an eolais

Tá fáil ag na scoláirí ar fad ar áiseanna ríomhaireachta sa scoil. Tá polasaí i bhfeidhm maidir le húsáid na teicneolaíocta agus dea-iompar ar líne. Cuirtear tuismitheoir agus scoláirí ar an eolas maidir le beartas sábháilteacht ar líne.

Gaeilge teanga na scoile agus an oileáin

Bíonn an Ghaeilge lárnach i ngach gné de shaol na scoile; Cúrsaí Gaeilge; Cúntóir teanga; Comórtais Náisiúnta; Polasaí Oideachas Gaeltachta; Gaeilge Breise; Oireachtas na Gaeltachta; Seachtain na Gaeilge; Drama na Nollaig; Seachtain chultúrtha.

Ceol agus ealaín

Bíonn an ceol lárnach agus an Ealain lárnach i ngach réimse de shaol na scoile agus i ngach ábhar. Béim ar Féin-léiriú

Acmhainní múinteoirí agus folláine na foirne

- Tairseach

Microsoft Sharepoint - acmhainní chun folláine agus GCE a mhúineadh chomh maith le naisc le cleachtaí meabhraíochta, teicnící análaithe, dearbhaisc agus gníomhaíochtaí do ranganna

- Fógraí faoi imeachtaí atá le teacht, comórtais
- Fógraíocht maidir le seisiúin chomhairleoireachta a bheith ar fáil do Chomhaltaí an Aontais
- Seisiúin folláine do mhúinteoirí - oiliúnóir meabhraíochta
- Seisiún & ceardlainn íoga, Pilates & Machnaimh
- Cúrsa céad chabhrach
- Cúrsa Láimhsiú sábháilte
- Maoiniú le traenáil
- Erasmus

Tosaíonn folláine sa scoil leis an bhfoireann. Tá siad ar thús cadhnaíochta na hoibre agus tá sé deacair dóibh a bheith fíor-spreagtha chun folláine mhothúchánach agus shóisialta daoine eile a chur chun cinn má bhraitheann siad nach bhfuiltear ag tabhairt aire dóibh agus má tá siad dóite amach.

Tacaíonn múinteoirí agus bainistíocht Choláiste Naomh Eoin le folláine trí chaidrimh mheasúla, ionchais arda, teagasc cuimsitheach agus aiseolas. Níl treoirchomhairleoir cáilithe ar fáil go hinmheánach faoi láthair. Leagtar amach sa chuid treorach na teorainneacha ar obair na foirne agus an plean chun rochtain cháilithe a lorg. Tá cúram ar leith ar an mbainistíocht monatóireacht a dhéanamh ar ualach na foirne agus ar leanúnachas tacaíochta.

Mar chuid den tasc an fholláine a chur ar léarscáil na scoile cruthaítear deiseanna do mhúinteoirí a gcuid folláine féin a mheas. Aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta ‘an tábhacht a bhaineann le cúram díot féin le go mbeifear in ann aire a thabhairt do dhaoine eile agus, sa chomhthéacs sin, tá folláine múinteoirí ríthábhachtach má tá siad chun an fhoghlaim a threorú go héifeachtach, agus chun tacú le scoláirí agus iad a éascú san iarracht seo’,

Múnlaítear folláine an mhúinteora ag fachtóirí aonair, caidreamh agus comhthéacs. Ar leibhéal an duine aonair, baineann folláine an mhúinteora leis an ngá atá le neamhspleáchas, le inniúlachta, le hacmhainneacht le haghaidh éirim mhothúchánach, le dearcadh dearfach agus le cothromaíocht shláintiúil idir an obair agus an saol. Ag leibhéal an choibhneasta, tá cáilíocht idirghníomhaíochtaí na foirne agus na mac léinn agus na caidrimh dhearfacha gairmiúla aitheanta riachtanach do folláine an mhúinteora.

Tá an tábhacht a bhaineann le cultúr cuimsitheach uile scoile agus le ceannaireacht dhearfach tábhachtach sa chomhthéacs seo freisin. Mar is amhlaidh i gcás na mac léinn, tá muintearas múinteoirí agus nasc lena scoil ríthábhachtach dá bhfolláine freisin. Ar deireadh, tá fachtóirí comhthéacsúla cosúil le cultúr na scoile a théann i bhfeidhm ar fholláine múinteoirí. Tá deiseanna chun folláine múinteoirí a phlé ag na leibhéil seo ar fad tábhachtach.

Teastóidh forbairt ghairmiúil ó mhúinteoirí lena chinntiú go bhfuil tuiscint dhomhain choincheapúil acu ar an bhfolláine agus go bhfuil siad muiníneach as na cineálacha cur chuige oideolaíocha a úsáid chun tacú le folláine na scoláirí agus chun iad a fhorbairt. Tá sé seo tábhachtach mar go mbíonn tionchar ag a dtuiscint agus a luachanna pearsanta ar an gcaoi a dtugann siad aire dá bhfolláine féin agus dá gcuid mac léinn. Sa chomhthéacs seo is fíor go ‘múinimid cé muid féin’. I ndeireadh na dála, tá sé tábhachtach do scoileanna go mbeadh dearcadh dearfach ag múinteoirí ar an gclár Folláine agus go dtuigeann siad conas is féidir leo cur leis agus cur ar chumas scoláirí eispéireas dearfach a bheith acu agus iad ag foghlaim faoin bhfolláine agus faoin bhfolláine trasna an churaclaim ar fad

Ceannaireacht scoláirí

- Comhairle na Mac Léinn
- Tugann Comhairle na nDaltaí guth do scoláirí agus déanann sí teagmháil leis an mbainistíocht faoi thosaíochtaí folláine. Tugtar aiseolas do scoláirí ar na cinntí a leanann as a moltaí. Cuirtear rannpháirtíocht chuimsitheach agus deiseanna ceannaireachta chun cinn.
- 4ú Bliain – Brat Glas & Gael Bhrat
- cuireann siad le feasacht trí phleananna gníomhaíochta. Tá freagracht ar gach foghrúpa imeachtaí a bhaineann leis na hábhair seo a eagrú agus a phleanáil.
- Oibríonn na grúpaí seo le múinteoirí agus leis an mbainistíocht. Is eagraíocht láidir traschuraclaim iad seo agus cuidíonn siad le forbairt iomlánaíoch gach dalta.

Nasc idir scoláirí agus bainistíocht

Tá caidreamh oscailte, measúil idir scoláirí agus bainistíocht tábhachtach, go háirithe do scoláirí atá ag cónaí as baile. Coinnítear teorainneacha gairmiúla soiléire agus bíonn a fhios ag scoláirí cé chuige ar féidir leo dul le hábhar imní.

Aithníonn an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach an an ról tábhachtach atá ag folláine i saol an scoláire. • Déanann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach iarracht aithne phearsanta a chur ar na daltaí sa scoil ionas go mbíonn daltaí ar a gcompord ag teacht chucu le rudaí a phlé leo. • Cinntíonn siad go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm. • Spreagann siad daltaí le páirt a ghlacadh

in imeachtaí seachchuraclam agus Rannpháirtíocht Chomhairle na Mac Léinn le Bord Bainistíochta na Scoile.

Beartas agus pleanáil

Mar scoil aitheanta Ghaeltachta, cuireann Coláiste Naomh Eoin muintearas teanga agus cultúrtha chun cinn. Tá folláine lárnach i bhféinmheastóireacht agus i bplean feabhsúcháin na scoile. Ní chuirtear bac teanga ar scoláire atá ag lorg cabhrach.

Faoi láthair, tá gach scoil páirteach i bhFéinmheastóireacht Scoile (FMS) Tugann na próisis phleanála seo tacaíocht do scoileanna agus cuireann sé treoir úsáideach ar fáil do scoileanna maidir le conas a d'fhéadfaidís tabhairt faoi phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach. Molann an bheirt acu gur cheart gur próiseas comhoibríoch, machnamhach, cuimsitheach a bheadh sa phleanáil. Cuireann an próiseas FMS ar chumas scoileanna:

1. Tús a chur le feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais a chuireann siad ar fáil dá gcuid mac léinn.

2. A bhfuil ag éirí go maith leo a dhearbhú agus tógáil air.

3. Réimsí a bhfuil gá le forbairt a dhéanamh orthu a aithint agus cinneadh a dhéanamh ar ghníomhartha ba chóir a dhéanamh chun feabhsuithe a dhéanamh sna réimsí sin.

4. Tuairisc a thabhairt do phobal na scoile ar na buanna atá in obair na scoile agus ar na tosaíochtaí atá aici maidir le feabhsú agus forbairt.

Ba chóir go mbeadh fócas ar an bhfolláine i ngach gníomhaíocht Féinmheastóireachta Scoile:

- Cad atá á dhéanamh againn faoi láthair?
- Cén fáth a bhfuil sé á dhéanamh againn?
- Cé chomh maith agus atá ag éirí linn?
- Cén fhianaise atá againn?
- Conas is féidir linn tuilleadh eolais a fháil?
- Cad iad ár láidreachtaí?
- Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn?
- Conas is féidir linn feabhsú?

Úsáidtear táscairí folláine agus fianaise chomhréireach chun tionchar an tsoláthair a mheas. Ní úsáidtear táscairí folláine chun diagnóis a dhéanamh ná chun pearsantacht scoláire a ghrádú.

Cuid B Folláine i gColáiste Naomh Eoin

Is iarbhunscoil bheag oileáin í Coláiste Naomh Eoin ar Inis Meáin, a bhfuil aitheantas aici mar Scoil Ghaeltachta. Freastalaíonn sí ar scoláirí an oileáin agus ar scoláirí ó áiteanna eile in Éirinn, lena n-áirítear scoláirí a chónaíonn le teaghlaigh aíochta. Tá dlúthchaidreamh leis an bpobal, féiniúlacht Ghaeilge agus riachtanais na cónaitheachta lárnach dár gcur chuige.

B1 Creat náisiúnta agus feabhsú scoile

Leanann an beartas Wellbeing Policy Statement and Framework for Practice 2018, athnuachan 2019, treoirlínte Folláine CNCM 2021 agus na ciorcláin reatha. Tá athbhreithniú náisiúnta ar siúl in 2026 chun beartas agus plean 2026–2030 a fhorbairt. Ní chuirtear an comhairliúchán sin i láthair mar chreat nua foilsithe atá tagtha in ionad an chinn reatha. Athbhreithníonn an Príomhoide foilseacháin nua nuair a eisítear iad.

Réimse náisiúnta	An cleachtas sa scoil
Cultúr agus timpeallacht	Sábháilteacht, muintearas Gaeilge, gnáthaimh chónaithe agus timpeallacht fhisiciúil inrochtana.
Curaclam agus teagasc	OSPS/OCG, Corpoideachas agus OSSP pleanáilte; teagasc cuimsitheach agus measúnú a thacaíonn leis an bhfoghlaim.
Beartas agus pleanáil	RSO, Bí Cineálta, cosaint leanaí, tinreamh, treoir agus FMS nasctha le húinéirí agus le dátaí.
Caidrimh agus comhpháirtíochtaí	Guth na scoláirí, tuismitheoirí, teaghlaigh aíochta, pobal an oileáin agus seirbhísí seachtracha.

Úsáidtear na sé thráscaire Folláine CNCM mar chreat foghlama agus machnaimh, mar atá sna léaráidí bunaidh: gníomhach, freagrach, ceangailte, athléimneach, meas agus feasach. Ní scór cliniciúil iad ná grád ar phearsantacht. Déantar an obair a nascadh le FMS, lena n-áirítear treoir reatha na Cigireachta agus Ciorclán 0084/2026.



B2 Seirbhís as Gaeilge

Is í an Ghaeilge teanga teagaisc, chumarsáide agus shóisialú na scoile. Soláthraímid tacaíocht agus eolas trí Ghaeilge agus lorgaímid seirbhís as Gaeilge ó ghairmithe seachtracha nuair is féidir. Iarrtar rogha teanga an scoláire, aistriúchán cuí agus míniú intuigthe. Ní chuirtear moill ar chosaint, ar mheasúnú práinneach ná ar chóireáil de dheasca easpa seirbhíse Gaeilge. Ní chuirtear smachtbhanna teanga ar nochtadh ná ar iarraidh cabhrach; úsáidtear an teanga nó an modh cumarsáide a ligeann don scoláire a bheith sábháilte.

Cónaitheacht pobal agus saol an oileáin

B3 Freagracht chomhroinnte agus ionduchtú

Cónaíonn scoláirí cónaithe le teaghlaigh aíochta agus ní ghlactar leis gur dormlann nó saoráid chónaithe faoi úinéireacht na scoile gach teach príobháideach. Déanann an Bord agus BOOGR infheidhmeacht na nósanna imeachta náisiúnta do shaoráidí cónaithe a bhaineann le scoileanna a dheimhniú don tsamhail iarbhír. Fanann gach dualgas cosanta leanaí i bhfeidhm cibé áit a dtagann ábhar imní chun solais.

Roimh theacht nó ar theacht an scoláire, soiléirítear socruithe taistil, maoirseachta, teagmhála le tuismitheoir, sláinte agus cógais, príobháideachais, fóin, sosanna agus staidéir. Tugtar sonraí teagmhála lae agus lasmuigh d'am scoile don scoláire agus don teaghlach aíochta. Ní fhágtar gnáthoifig na scoile mar an t-aon bhealach éigeandála. Coinnítear an clár teagmhála ar leith cothrom le dáta.

Céim	Socruithe áitiúla
Socrú as baile	Seiceáil luath tar éis teacht agus leantach sa chéad mhí, le duine fásta ainmnithe. Pléitear uaigneas baile, bia, codladh, cairdeas agus cumarsáid leis an teaghlach.
Gnáthchlár cónaithe	Freastalaíonn scoláirí ar ghníomhaíochtaí scoile agus ar staidéar tráthnóna de réir an Bheartais Chónaithe. Déantar oiriúnuithe riachtanacha RSO, sláinte agus cúraim a phleanáil.
Deirí seachtaine agus taistil	Leantar féilire na scoile agus na deirí seachtaine ceadaithe. Fanann scoláirí ar an oileán le linn na ndeirí seachtaine sin agus freastalaíonn siad ar an gclár; socraítear aon eisceacht leis an tuismitheoir/caomhnóir agus leis an scoil.
Farraige agus aillte	Ní théann scoláire ag snámh ná chuig an bhfarraige nó na haillte gan duine fásta den teaghlach aíochta nó ball foirne, údarú cuí agus measúnú riosca de réir na mbeartas.
Aimsir agus cur isteach ar sheirbhísí	Déantar plean do bhád curtha ar ceal, filleadh déanach nó briseadh seirbhíse. Deimhnítear cé atá freagrach as an scoláire agus cuirtear an teaghlach ar an eolas.
Ábhar imní faoi lóistín	Tugtar bealach díreach sábháilte don scoláire chun an bhainistíocht nó an DLP a bhaint amach. Ní chuirtear iallach air nó uirthi gearán a dhéanamh tríd an duine a mbaineann an imní leis.

Níl teaghlach aíochta ina ionadaí uathoibríoch do thuismitheoir/caomhnóir. Soiléirítear údarás agus toiliú do gach socrú. Roinntear faisnéis leighis agus chúraim atá riachtanach go slán; ní scaiptear comhaid RSO, nótaí treorach ná taifid cosanta leanaí go ginearálta.

Beartais nasctha agus daoine freagracha

Beartas nó plean	An nasc praiticiúil
RSO 2026–2027	Niall (AP1): Comhad agus Plean Tacaíochta Dalta, oiriúnuithe, guth an scoláire, athbhreithniú agus aistriú. Tá CRS lánaimseartha amháin ann, ina ról cúraim agus neamhspleáchais.
Cosaint leanaí	Máiréad mar DLP: Nósanna Imeachta 2025, Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus measúnú riosca, tuairisciú do Tusla agus taifid shrianta.
Bí Cineálta	Elizabeth: cosc, bealaí tuairiscithe, freagairt, teagmháil le tuismitheoirí agus athbhreithniú ar bhulaíocht.
Beartas Oideachas Gaeltachta	An Príomhoide agus an fhoireann: aitheantas Scoil Ghaeltachta, timpeallacht Ghaeilge, tacaíocht teanga agus seirbhís as Gaeilge.
OSPS agus OCG	An múinteoir/comhordaitheoir ainmnithe: clár leanúnach, oiliúint, ceachtanna agus mapa torthaí foghlama; Cuid C agus an beartas ar leith.
Treoir oideachasúil agus gairmthreoir	An Príomhoide agus duine teagmhála ainmnithe: tacaíocht phraiticiúil agus gníomh chun rochtain cháilithe a lorg; Cuid D agus an beartas ar leith.
Cód Iompair tinreamh agus Tyro	Adrian agus bainistíocht de réir dualgas: taifid riaracháin, oiriúnuithe iompair, freagairt do neamhláithreacht agus tuairiscí TESS.
Cónaitheacht agus sábháilteacht	Bainistíocht agus daoine ainmnithe: maoirseacht, gnáthaimh, teagmháil, measúnú riosca agus gníomh i gcás éigeandála.

B4 Comhordú agus leanúnachas

Comhordaíonn Elizabeth an obair folláine agus Bí Cineálta; comhordaíonn Niall RSO agus an nasc le FMS. Tá maoirseacht iomlán ag Máiréad agus bainistíocht. Ainmnítear múinteoirí OSPS/OCG agus duine teagmhála treorach sa chlár oibriúcháin. Féadfaidh duine níos mó ná ról amháin a bheith aige i scoil bheag, ach coinnítear na freagrachtaí agus teorainneacha inniúlachta soiléir.

Tagann an Fhoireann Tacaíochta Scoláirí le chéile go rialta de réir riachtanais, mar ghnáthshocrú áitiúil gach seachtain nuair is indéanta. Taifeadtar an gníomh, an duine freagrach agus an dáta athbhreithnithe. Ní chuirtear moill ar chás práinneach go dtí cruinniú agus ní phléitear sonraí íogaire ag cruinniú foirne ginearálta.

Tacaíocht luath cuimsiú agus freagairt

B5 Bealach cabhrach amháin atá soiléir

Féadfaidh scoláire, tuismitheoir, ball foirne nó teaghlach aíochta imní a ardú leis an oifig, le múinteoir iontaofa nó leis an mbainistíocht. Seiceáiltear an phráinn, éistear leis an scoláire agus soiléirítear an chéad chéim eile. Úsáidtear an Leanúntas Tacaíochta oifigiúil agus na foirmeacha sa Bheartas RSO; ní gá diagnóis chun cabhair scoile a thosú.

- Do chách: teagasc inrochtana, caidrimh dhearfacha, OSPS/OCG, gníomhaíocht choirp, gnáthaimh agus bealach cabhrach trí Ghaeilge.

- Do roinnt: seiceálacha rialta, plean socraithe, tacaíocht teagaisc nó tinrimh agus athbhreithniú le Niall agus an teaghlach.
- Do bheagán: plean aonair comhordaithe agus comhairle speisialaithe de réir riachtanais. Ní chiallaíonn leibhéal tacaíochta diagnóis ná gealltanas seirbhíse seachtraí.

B6 Gnáthriachtanas práinn agus éigeandáil

Mar sprioc áitiúil, admhaítear gnáthiarratas laistigh de dhá lá scoile agus socraítear duine freagrach agus dáta gnímh. Pléitear imní phráinneach leis an mbainistíocht ar an lá céanna. Má tá baol láithreach ann, fanann duine fásta leis an scoláire agus iarrtar cabhair éigeandála trí 112/999. Ní bhraitheann an fhreagairt ar sceideal báid ná ar infhaighteacht treoirchomhairleora.

Níl treoirchomhairleoir cáilithe fostaithe ná ar fáil go hinmheánach i gColáiste Naomh Eoin faoi láthair, i gcomhthéacs mhéid bheag na scoile. Ní chuireann méid na scoile cearta scoláirí ar threoir chuí ná dualgais na scoile ar ceal. Soláthraíonn an fhoireann tacaíocht thréadach, eolas agus pleanáil oideachasúil laistigh dá n-inniúlacht; ní chuirtear an obair sin i láthair mar threoirchomhairleoireacht ghairmiúil ná mar theiripe.

Déantar atreorú chuig seirbhís sláinte, GP, NEPS nó gairmí cuí trí na bealaí ceadaithe agus le socruithe cuí toiliú. Coinnítear súil ar atreoruithe gan fhreagra agus socraítear tacaíocht eatramhach scoile atá laistigh d'inniúlacht. Iarrtar seirbhís as Gaeilge nuair is féidir.

B7 Sláinte freastal agus neamhspleáchas

Nasctar pleananna leighis, ailléirgí, cógais, cúram pearsanta agus riachtanais chéadfacha le pearsanra oilte agus leis an bplean cúraim cuí. Tacaíonn an CRS le rannpháirtíocht agus neamhspleáchas; ní ghlacann sí ról múinteora ná teiripeora. Déantar socruithe gníomhaíochtaí agus cónaithe a sheiceáil i gcoinne na bpleananna seo.

Úsáidtear Tyro chun tinreamh agus gnáthchumarsáid a thaifeadadh. Leantar na tuairiscí reachtúla agus nósanna imeachta TESS, lena n-áirítear tuairiscí 20 lá nó níos mó de réir na socruithe reatha agus atreorú leasa oideachais nuair is gá. Ní tuairisc chosanta leanaí í tuairisc tinrimh. Má tá imní faoi mhí-úsáid nó faillí, leantar an bealach Tusla cosanta leanaí ar leith gan fanacht le tairseach tinrimh.

Cosaint leanaí agus tuairisciú do Tusla

Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 glactha ag an mBord. Is í Máiréad Ní Fhátharta, an Príomhoide, an DLP; coinnítear ainm agus sonraí an leas-DLP sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí reatha.

Nochtadh nó ábhar imní

Éisteann an ball foirne go socair, ní chuireann sé ceisteanna treoracha ná ní dhéanann sé imscrúdú, agus ní gheallann sé rúndacht iomlán. Coinnítear taifead fíorasach, dátaithe, le focail an scoláire nuair is féidir, agus cuirtear an DLP ar an eolas gan mhoill. Ní fhanann ábhar imní le cruinniú folláine, le hidirghabháil RSO ná le coinne threorach.

Tuairisciú do Tusla

Nuair atá forais réasúnacha imní ann go bhfuil mí-úsáid nó faillí déanta, á déanamh, nó i mbaol a déanta do leanbh, leanann an DLP Nósanna Imeachta 2025 agus déanann sé nó sí tuairisc do Tusla gan mhoill trí na bealaí reatha. Ní gá cruthúnas a bheith ag an scoil. Má tá amhras faoin tairseach, lorgaítear comhairle Tusla agus taifeadtar í.

Dualgas duine shainordaithe

Fanann an dualgas reachtúil ar gach duine sainordaithe nuair a shroichtear an tairseach ábhartha; ní leor an DLP a chur ar an eolas. Féadfar tuairisc chomhpháirteach a dhéanamh de réir na nósanna imeachta. Más rud é nach ndéanann an DLP tuairisc, tugtar an míniú scríofa riachtanach don té a d'ardaigh an imní agus leanann an duine sainordaithe a dhualgas féin. Leantar na heisceachtaí agus na nósanna imeachta náisiúnta go beacht.

Teaghlach agus sábháilteacht

Ní theastaíonn cead tuismitheora chun tuairisc chosanta leanaí a dhéanamh. Cuirtear an teaghlach ar an eolas de réir na nósanna imeachta, ach ní dhéantar é má mhéadódh sé baol don leanbh, má chuirfeadh sé measúnú Tusla i mbaol, nó má chuirfeadh sé an tuairisceoir i mbaol. Taifeadtar an cinneadh. Má tá baol láithreach ann, iarrtar cabhair éigeandála trí 112/999 nó An Garda Síochána agus déantar teagmháil le Tusla de réir na nósanna imeachta.

Má bhaineann an imní leis an DLP, leantar an bealach tuairiscithe ar leith chuig an gCathaoirleach nó Príomhfheidhmeannach BOOGR mar is infheidhme. Coinnítear taifid chumhdaigh sna córais shrianta ar leith, seachas i ngnáthnótaí Tyro. Baineann na nósanna imeachta le himní a thagann chun solais sa scoil, ar lóistín, ar thuras nó ar líne.

Bí Cineálta taifid agus folláine na foirne

B8 Cosc agus freagairt don bhulaíocht

Cuirtear Beartas Bí Cineálta na scoile i bhfeidhm do bhulaíocht a théann i bhfeidhm ar shaol na scoile, lena n-áirítear gnéithe cónaithe agus ar líne nuair is ábhartha. Tugtar aird ar bhulaíocht a bhaineann le míchumas, Gaeilge nó cúlra teanga, cine, inscne, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht. Comhordaíonn Elizabeth an cur chuige le múinteoirí agus bainistíocht.

Éistear leis an scoláire agus leantar na nósanna imeachta maidir le taifeadadh agus teagmháil luath le tuismitheoirí. Déantar athbhreithniú leis na scoláirí lena mbaineann agus lena dtuismitheoirí tráth nach déanaí ná 20 lá scoile ón bplé tosaigh. Má leanann an bhulaíocht, athbhreithnítear na straitéisí agus socraítear tuilleadh leantach. Ní chiallaíonn an tréimhse sin go bhfanfar 20 lá sula ngníomhófar. Leantar dualgais chosanta leanaí ag an am céanna má thagann imní chun solais.

B9 Taifid agus príobháideachas

Úsáidtear Tyro de réir ceadanna agus an chuspóra riaracháin. Coinnítear comhaid RSO, taifid cosanta leanaí agus nótaí rúnda gairmiúla sna córais shrianta ar leith atá údaraithe ag an rialaitheoir sonraí. Ní chuirtear nochtadh príobháideach i ngnáthnóta iompair. Cuirtear GDPR, cearta an scoláire agus sceideal coinneála BOOGR i bhfeidhm. I scoil bheag, seachnaítear torthaí suirbhé a d'aithneodh scoláire nó teaghlach.

B10 Folláine agus forbairt ghairmiúil na foirne

Déanann bainistíocht athbhreithniú ar ualach oibre agus ar ualach cúraim i scoil bheag chónaithe. Soiléirítear dualgais lae agus lasmuigh d'am scoile agus socruithe cumarsáide. Pleanáiltear ionduchtú agus FGL i gcosaint leanaí, Bí Cineálta, RSO, OSPS/OCG agus freagairt do ghéarchéim. Cuirtear seirbhís cúnaimh d'fhostaithe agus tacaíochtaí BOOGR ar eolas don fhoireann; ní éilítear nochtadh pearsanta ag cruinniú foirne.

Cuid C Beartas OSPS agus OCG

Is cuid den Bheartas Folláine é Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Léitear an chuid seo leis an gcáipéis ar leith Beartas OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta Choláiste Naomh Eoin 2026–2027. Is ionann na prionsabail, na róil agus na ceanglais sa dá leagan.

Soláthraítear teagasc cruinn, cuimsitheach, aoisoiriúnach trí Ghaeilge, de réir sonraíochtaí CNCM. Tá cearta, caidrimh mheasúla, toiliú, sláinte, sábháilteacht ar líne agus cabhair a lorg lárnach. Tá OCG comhtháite san OSPS; ní chuirtear ceardlann aonuaire in ionad an chláir. [S1–S2]

Cohórt	An soláthar le pleanáil agus le deimhniú
Blianta 1–3	Sonraíocht OSPS 2023 100 uair thar thrí bliana laistigh den chlár Folláine 400 uair ar a laghad; iniúchadh ama de réir 0062/2026.
An Idirbhliain	OSPS agus OCG pleanáilte a thacaíonn le neamhspleáchas, caidrimh agus forbairt phearsanta. Áirítear sé thréimhse OCG ar a laghad sa bhliain.
Blianta 5–6 roimh an tsonraíocht nua	OCG bliantúil leanúnach, sé thréimhse teagaisc ar a laghad sa bhliain agus clúdach cuí.
OSPS sinsearach 2024	60 uair ar a laghad thar an dá bhliain dheireanacha. Iontráil chúigiú bliain 2027 ar a dhéanaí do scoláirí eile; riachtanais LCA níos luaithe ó 2025 de réir 0012/2025.

Deimhníonn an Príomhoide an cohórt, an dáta tosaithe, an múinteoir ainmnithe, oiliúint agus an mapa ama. Déantar seisiúin chaillte a athsceidealú; ní chuirtear OCG ar ceal mar gheall ar scrúduithe.

C1 Teagasc tuismitheoirí agus cúram

Aontaítear rialacha ranga: meas, gan scéalta pearsanta a iarraidh agus teorainneacha rúndachta soiléir. Déantar ábhar agus acmhainní a mhíniú do thuismitheoirí agus déileáiltear le hiarratas coinsiasa de réir alt 30(2)(e) agus threoir na Roinne, le maoirseacht agus foghlaim mhalartach chuí. Déantar oiriúnuithe le Niall agus an fhoireann RSO. Ní hionann measúnú foghlama agus measúnú ar luachanna nó stair phearsanta.

C2 Plean foghlama agus cur i bhfeidhm OSPS

Bliain	Fócas pleanála áitiúil
Bliain 1	Muintearas agus cairdeas; aithne orm féin; caithreachas agus íomhá choirp; príobháideachas, teorainneacha agus cumarsáid; cabhair a lorg agus socrú as baile.
Bliain 2	Brú piaraí agus cinntí; caidrimh shláintiúla; meas ar éagsúlacht; toiliú agus sábháilteacht ar líne; mothúcháin, substaintí agus foinsí eolais iontaofa.
Bliain 3	Caidrimh agus gnéasacht de réir na sonraíochta; toiliú leanúnach; sláinte ghnéis agus atáirgthe, frithghiniúint agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha; déileáil le strus agus seirbhísí.

Bliain	Fócas pleanála áitiúil
An Idirbhliain	Neamhspleáchas agus freagracht; caidrimh san obair agus sa phobal; sábháilteacht dhigiteach; tionchar na meán agus pornagrafaíochta a phlé go criticiúil agus go haoisoiriúnach.
Bliain 5	Féinbhainistíocht; caidrimh chúramacha; cumarsáid agus comhionannas; toiliú, sláinte atáirgthe agus ghnéis; ciapadh agus rialú comhéigneach.
Bliain 6	Caidrimh agus aistriú i ndiaidh scoile; cinnteoireacht eolach; seirbhísí sláinte; saol neamhspleách, sláinte mhothúchánach agus cabhair a lorg.

Coinníonn an múinteoir mapa do thorthaí foghlama, acmhainní agus clúdach. Seiceáiltear cruinneas agus oiriúnacht na n-acmhainní. Faomhtar cuairteoirí de réir 0043/2018 agus fanann freagracht leis an múinteoir. Ní bhaintear rochtain ar OCG de scoláire de bharr míchumais ná riachtanais teanga.

Má thagann nochtadh nó ábhar imní chun solais, leantar láithreach na socruithe i gCuid B maidir leis an DLP, Tusla agus daoine sainordaithe. Ní ghealltar rúndacht ná ní dhéantar imscrúdú ranga. Leagtar amach sa bheartas ar leith nósanna imeachta iomlána teagaisc, cearta, acmhainní, taifid agus meastóireachta.

Cuid D Treoir oideachasúil agus gairmthreoir

Tá an chuid seo nasctha le Beartas Treorach Oideachasúla agus Gairmthreorach Choláiste Naomh Eoin 2026–2027. Cuimsíonn treoir uile scoile forbairt phearsanta agus shóisialta, roghanna oideachais agus roghanna gairme. Bíonn sí ar fáil do gach bliainghrúpa. [G1–G2, L1]

Níl treoirchomhairleoir cáilithe fostaithe ná ar fáil go hinmheánach i gColáiste Naomh Eoin faoi láthair, i gcomhthéacs mhéid bheag na scoile. Ní chuireann méid na scoile cearta scoláirí ar threoir chuí ná dualgais na scoile ar ceal. Soláthraíonn an fhoireann tacaíocht thréadach, eolas agus pleanáil oideachasúil laistigh dá n-inniúlacht; ní chuirtear an obair sin i láthair mar threoirchomhairleoireacht ghairmiúil ná mar theiripe.

Déanann an Príomhoide agus an Bord, i gcomhar le BOOGR, socruithe foirne agus acmhainní a athbhreithniú chun rochtain ar threoirchomhairleoir a bhfuil na cáilíochtaí aitheanta aige nó aici a lorg. Áirítear comhroinnt le scoil eile, soláthar cuairte nó cianda, nó earcaíocht de réir na rialacha foirne. Iarrtar seirbhís as Gaeilge ar dtús nuair is féidir. Coinnítear taifead ar na hiarrachtaí, ar riachtanais nach bhfuil freastal orthu agus ar ghníomhartha leantacha; ní mhaítear go bhfuil socrú seachtrach i bhfeidhm go dtí go ndeimhnítear é.

D1 Tacaíocht reatha agus rochtain cháilithe

Ainmníonn an Príomhoide duine teagmhála treorach chun eolas, rogha ábhar, scileanna staidéir, iarratais agus atreoruithe a chomhordú laistigh d'inniúlacht. Ní thugann an ról sin cáilíocht ghairmiúil. Déantar gnáthiarratais a admháil agus a leanúint; déantar gníomh práinneach ar an lá céanna. Ní chuirtear cás cosanta leanaí ar liosta feithimh treorach.

Tréimhse áitiúil	Gníomh
Ar ghlacadh	An Príomhoide: an duine teagmhála, an bealach iarratais agus teorainneacha an tsoláthair a chur in iúl.

Tréimhse áitiúil	Gníomh
Laistigh de cheithre seachtaine	An Príomhoide/BOOGR: iniúchadh ar uaireanta agus roghanna soláthair cháilithe; plean don Bhord.
Gach cruinniú Boird go dtí go réitítear é	Tuairisc ar an mbearna, iarrachtaí soláthair agus riachtanais nach bhfuil freastal orthu.
Ar dheimhniú soláthraí	Cáilíochtaí aitheanta, maoirseacht, cumhdach, teanga, príobháideachas agus leanúnachas a sheiceáil.

Iarrtar treoirchomhairleoireacht as Gaeilge nuair is féidir. Pleanáiltear cuairteanna nó seisiúin chianda do choinníollacha oileánda. Coinnítear tacaíocht scoile agus cumarsáid idir an dá linn gan dul thar inniúlacht ná moill a chur ar shábháilteacht.

D2 Clár céimnithe agus plean dul chun cinn

Bliain	Fócas	Toradh foghlama
Bliain 1	Ionduchtú scoile agus cónaithe; eagrú ama, láidreachtaí agus duine fásta iontaofa.	Aithníonn an scoláire bealach cabhrach agus sprioc foghlama.
Bliain 2	Scileanna staidéir, féinfheasacht agus iniúchadh leathan gairme gan steiréitíopaí.	Cuireann sé nó sí dhá rogha i gcomparáid le foinse iontaofa.
Bliain 3	Rogha clár agus ábhar; leibhéil, réamhriachtanais agus tacaíocht scrúduithe.	Ullmhaítear rogha réasúnaithe leis an teaghlach agus leis na múinteoirí.
An Idirbhliain	Taithí oibre, CV, agallamh, machnamh, cainteoirí agus roghnú ábhar.	Coinnítear punann ina nasctar láidreachtaí le bealaí éagsúla.
Bliain 5	Taighde ar bhreisoideachas, ardoideachas, printíseachtaí agus fostaíocht; costais agus rochtain.	Cruthaítear plean pearsanta dul chun cinn le rogha eile.
Bliain 6	Iarratais agus spriocdhátaí; CAO, FET/PLC, printíseachtaí, SUSI, HEAR agus DARE nuair is cuí.	Seiceáiltear na riachtanais reatha; comhlánaítear plean aistrithe agus teagmháil tacaíochta.

Seiceáiltear critéir agus spriocdhátaí iarratais gach bliain. Déantar idirdhealú idir pointí, réamhriachtanais agus scéimeanna rochtana. Comhoibríonn Niall ar RSO, RACE agus aistriú; ní hionann RACE agus DARE. Tá measúnú agus trialacha faoi Chiorclán 0023/2026 agus ní dhéanann duine neamhcháilithe obair speisialaithe. [G3, R1]

Coinnítear sonraí íogaire treorach ar leith ó ghnáthnótaí Tyro de réir Nóta Faisnéise 0003/2024 agus rialachas sonraí. Déantar athbhreithniú téarmúil ar rochtain, ar iarratais ar feitheamh agus ar an tseirbhís a tugadh. Tá na mionsocruithe atreoraithe, taifid agus cuntasachta sa bheartas treorach ar leith.

Cuid E Plean gnímh agus meastóireacht

Is plean cur i bhfeidhm ón dáta glactha é seo. Ní taifead é gur críochnaíodh gníomhartha cheana féin. Nasctar é le próiseas FMS agus le treoir reatha na Cigireachta, lena n-áirítear Ciorclán 0084/2026.

Cathain	Gníomh agus úinéir	Fianaise
Ar ghlacadh	An Príomhoide: foireann freagrach, comhairliúchán agus bealaí cabhrach a dheimhniú.	Clár ainmneacha agus teagmhála; míniú do gach rang agus teaghlach aíochta.
Laistigh de cheithre seachtaine	Elizabeth/Niall/Adrian: athbhreithniú comhordaithe ar fholláine, RSO, tinreamh agus cónaitheacht.	Gníomhartha le húinéir agus dáta; naisc le pleananna reatha.
Laistigh de cheithre seachtaine	An Príomhoide/BOOGR: bearna treorach agus leithdháileadh iarbhír a athbhreithniú.	Plean rochtana cáilithe don Bhord; log iarrachtaí soláthair.
Gach téarma	Múinteoirí OSPS/OCG: am agus clúdach a athbhreithniú.	Mapa cohórt, ceachtanna, seisiúin chaillte agus cúiteamh.
Gach téarma	An Fhoireann Tacaíochta: cabhair, seirbhísí Gaeilge agus socrú cónaithe a athbhreithniú.	Aiseolas sábháilte agus athruithe praiticiúla.
Faoi Bhealtaine 2027	An Príomhoide: ullmhacht OSPS sinsearach 2027 a dheimhniú.	Foireann, oiliúint, acmhainní agus mapa 60 uair don chohórt.
Bealtaine–Meitheamh 2027	An Bord agus Elizabeth/Niall: tionchar agus plean 2027–2028.	Tuairisc chomhiomlán agus trí thosaíocht don chéad bhliain eile.

E1 Tomhas ar an tionchar

Bailítear bonnlíne ar eolas scoláirí faoi chabhair, muintearas, rannpháirtíocht, soláthar curaclaim agus leanúnachas tacaíochta. Cuirtear tinreamh agus críochnú athbhreithnithe san áireamh. Socraítear spriocanna réalaíocha i ndiaidh na bonnlíne. Ní bhailítear nochtuithe gnéasacha ná sonraí tráma i suirbhé ginearálta, agus ní fhoilsítear miondealuithe a d’aithneodh daoine i scoil bheag.

E2 Clár oibriúcháin na scoile

Mír	Taifead le coinneáil cothrom le dáta
DLP	Máiréad Ní Fhátharta; sonraí teagmhála reatha sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
Leas-DLP	Ainm agus bealach teagmhála Adrian Ó Coincheanainn
Folláine agus Bí Cineálta	Elizabeth Ní Mhurchú; (AP2) am cruinnithe agus socruithe leantacha
RSO agus FMS	Niall Cunniffe (AP1); próiseas atreoraithe agus dátaí athbhreithnithe sa Bheartas RSO.
OSPS agus OCG	Múinteoir/comhordaitheoir ainmnithe
Treoir	Níl treoirchomhairleoir cáilithe go hinmheánach faoi láthair. Duine teagmhála eatramhach Eoin Ó Fatharta

Mír	Taifead le coinneáil cothrom le dáta
Soláthar cáilithe á lorg	Gníomh BOOGR
Cónaitheacht agus éigeandáil	Duine lae agus lasmuigh d'am scoile; sonraí slána ar leith Mairéad Ní Fhátharta
Am curaclaim agus treorach	Ceangail mapa Folláine/OSPS/OCG agus taifead leithdháilte treorach deimhnithe.
Athbhreithniú agus guth na scoláirí	Dáta cruinnithe, comhairliúchán agus na hathruithe a rinneadh 15/05/2027

Tugtar achoimre do thuismitheoirí agus do theaghlaigh aíochta ar na bealaí cabhrach agus ar fhreagrachtaí. Ní chuirtear sonraí teileafóin phríobháideacha nó comhaid phearsanta i leagan poiblí an bheartais. Déantar gearáin faoin mbeartas trí ghnáthnós imeachta gearán na scoile/BOOGR, agus leanann tuairisciú cosanta leanaí go neamhspleách.

Cuid F Foinsí náisiúnta

Foinsí náisiúnta seiceáilte ar an 8 Samhain 2026. Cuirtear foilseacháin nua in ionad leaganacha níos sine nuair a eisítear iad. Is socruithe áitiúla iad na spriocanna ama cur i bhfeidhm sa bheartas seo mura sonraítear ceanglas náisiúnta.

[W1] An Roinn Oideachais agus Óige Wellbeing Policy Statement and Framework for Practice 2018 athnuachan 2019 Foinse oifigiúil

[W2] An Roinn Athbhreithniú náisiúnta 2026 ar an gcreat folláine Foinse oifigiúil

[W3] CNCM Junior Cycle Wellbeing Guidelines 2021 Foinse oifigiúil

[W4] An Roinn Ciorclán 0062/2026 Socruithe na Sraithe Sóisearaí 2026/2027 Foinse oifigiúil

[P1] An Roinn Child Protection Procedures for Schools 2025 agus Ciorclán 0041/2025 Foinse oifigiúil

[P2] Tusla Tuairisciú ag daoine sainordaithe Foinse oifigiúil

[P3] Tusla Ábhar imní maidir le cosaint agus leas linbh Foinse oifigiúil

[P4] An Roinn Bí Cineálta Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour 2024 Foinse oifigiúil

[P5] Tusla TESS Reporting Absenteeism Foinse oifigiúil

[R1] An Roinn Treoirlínte RSO 2024 agus doiciméid SET Foinse oifigiúil

[I1] An Chigireacht Treoirlínte cigireachta iarbhunscoile agus chumhdaigh leanaí Foinse oifigiúil

[I2] An Roinn Ciorclán 0084/2026 School Self Evaluation The Next Phase Foinse oifigiúil

Glacadh agus athbhreithniú

Cuirtear an t-athbhreithniú seo faoi bhráid an Bhoird tar éis comhairliúcháin chuí. Tá glacadh Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2025 deimhnithe ag an scoil; ní hionann sin agus dáta faofa an athbhreithnithe seo.

Dáta glactha an athbhreithnithe 22/10/2026

Cathaoirleach Ciarán Ó Ceallaigh Síniú *Ciarán Ó Ceallaigh*

Príomhoide Máiréad Ní Fhátharta Síniú *Máiréad Ní Fhátharta*

Athbhreithniú Bealtaine–Meitheamh 2027.

Faomhadh BOOGR de réir na socruithe rialachais ábhartha